II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/235 ÓN gCOMHAIRLE

**an 21 Feabhra 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/1686 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise atá dírithe in aghaidh ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise atá dírithe in aghaidh ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meán Fómhair 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/1686.

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó ISIL (Da'esh) agus ó Al-Qaeda agus ó dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a bhaineann leo, ba cheart beirt agus dhá ghrúpa a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2016/1686 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Feabhra 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil "A. Daoine":

"A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 3";

(2) cuirtear na daoine nádúrtha seo a leanas leis:

"8. Osama MAHMOOD (dá ngairtear freisin Ustadh Usama Mahmood, Ousama Mahmood); náisiúntacht: Pacastánach (meastar).

9. Sultan Aziz AZAM (dá ngairtear freisin Aziz Azam, Sultan Aziz, Sultan Azziz Azzam, Sultan Aziz Ezzam); dáta breithe: 1985; áit bhreithe: an Afganastáin; náisiúntacht: Afganastánach.";

(3) cuirtear an ceannteideal agus na hiontrálacha seo a leanas leis:

"B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3

1. Al-Qaeda i bhfo-ilchríoch na hIndia (AQIS) (dá ngairtear freisin Al-Qa'ida i bhfo-ilchríoch na hIndia, Qaedat al-Jihad i bhfo-ilchríoch na hIndia).

2. Da'esh - Cúige Hind (dá ngairtear freisin Wilayah Hind, Cúige Hind an Stáit Ioslamaigh (ISHP), IS-Wilayat al-Hind, Da'esh - Wilayat al-Hind).".